
# I bPáirc an Chrócaigh




Bhí **Cluiche Iománaíochta** ar siúl i bPáirc an Chrócaigh. **Cluiche Ceannais na hÉireann** a bhí ann agus bhí Luimneach agus Cill Chainnigh ag imirt. Chuaigh Daidí agus Liam go dtí an cluiche sa charr. Bhí na sluaite sa chathair an lá sin. Cheannaigh Liam úlla agus seacláid ó bhean in aice na páirce. Fuair Daidí **clár** an chluiche ó bhuachaill. Chuaigh siad in airde ar **Ardán Uí Ógáin.** Bhí radharc iontach acu ar an bpáirc ón áit sin. **Leath na súile** ar Liam nuair a chonaic sé na hardáin eile agus na mílte duine. Tháinig **banna ceoil Ard Aidhin** amach agus sheinn siad ar feadh tamaill. Nuair a rith na **foirne** amach thosaigh gach éinne ag béiceadh. Ansin chaith an **réiteoir an sliotar** isteach agus bhí an cluiche ar siúl. Rug captaen Luimnigh ar an sliotar ar dtús agus bhuail sé lena chamán é. Chuaigh sé isteach sa chúl ach rug an **cúl báire** air. Bhuail sé amach arís é. Sa deireadh bhí **an bua** ag **foireann Luimnigh.** Fuair siad **dhá chúl** agus **ceithre chúilín.** Chuaigh an captaen in airde ar an ardán agus fuair sé an **corn.** Bhí áthas an domhain ar Liam.

**Foclóir:**
**clár,** programme
**foirne,** teams
**radharc,** view
**cúl báire,** goalkeeper
**corn,** cup (trophy)

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh?
   — Cluiche Peile.
   — Cluiche Leadóige.
   — Cluiche Iománaíochta.
2. Cad a rinne banna ceoil Ard Aidhin?
   — Shuigh siad i lár na páirce.
   — Sheinn siad ar feadh tamaill.
   — Bhí siad ag iománaíocht.
3. Cén fáth ar leath na súile ar Liam?
   — mar chonaic sé na foirne.
   — mar chonaic sé na hardáin agus na mílte duine.
   — mar chaith an réiteoir an sliotar isteach.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Cluiche — na hÉireann a bhí ar siúl.
2. Cheannaigh Liam — agus — ó bhean in aice na — .
3. Ansin chaith an réiteoir — — isteach.
4. Bhí an — ag foireann — .
5. Fuair siad dhá — agus ceithre — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Bhí Luimneach agus Cill Chainnigh ag imirt.
2. Chuaigh siad ann sa charr.
3. Fuair sé clár an chluiche.
4. Banna ceoil Ard Aidhin.
5. Rug captaen Luimnigh ar an sliotar.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Conas a chuaigh Daidí agus Liam go dtí an cluiche?
2. Cén fáth a raibh na sluaite sa chathair an lá sin?
3. Cad a cheannaigh Liam?
4. Cathain a thosaigh gach éinne ag béiceadh?
5. Cé a chaith an sliotar isteach?
6. Cad leis ar bhuail captaen Luimnigh an sliotar?
7. Cén scór a bhí ag foireann Luimnigh?
8. Céard a fuair an captaen nuair a chuaigh sé in airde ar an ardán?

**Gramadach 23**

1. Tá sé **ag ithe na seacláide.**
   Tá sé ag dún/an fhuinneog, glan/an tsráid, freagair/an cheist, nigh/an chos, scuab/an bhróg.
2. Leath na súile **ar Liam.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)